

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023

Teideal na Cáipéise	Uimhir na Cáipéise	Teagmhálaí Ceannasaí atá Freagrach	Faofa ag agus dáta	Dáta an chéad athbhreithnithe eile
Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022	Gailearaí Náisiúnta na hÉireann-CLRM-001-2022	Andrew Hetherington	29/09/23	30/09/24

Faomhadh:	<ol style="list-style-type: none"> 1. Stiúrthóir 2. FCF (ELT)
Stair na Leasuithe:	

Sínithe: 

Stiúrthóir

Dáta: 29/09/23

Clar

1. Teachtaireacht ón Stiúrthóir	3
2. Réamhrá	5
2.1 Réimsí fócais	7
3. Ár Spriocanna.....	10
3.1 An sprioc chun laghdú astaíochtaí carbóin a bhaint amach (laghdú 51% faoin mbliain 2030)	10
3.2 An Sprioc um Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach (coigilt 50% faoin mbliain 2030).....	12
3.3 An dul chun cinn atá déanta go dtí seo	13
3.4 Éifeachtúlacht Fuinnimh	14
3.5 An Bhearna um Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú	15
4. Ár gcuid Daoine.....	16
4.1 Ceannaireacht agus Rialachas do Ghníomhú ar son na hAeráide.....	16
4.2 Rannpháirtíocht agus Oiliúint Foirne.....	21
5. Ár mBealaí Oibre	24
5.1 Úsáid páipéir a laghdú agus aistriú go próisis dhigiteacha	24
5.2 Córais um Bainistiú Fuinnimh agus Comhshaoil & Creidiúnú	25
5.3 Soláthar Poiblí Glas	25
6 Ár gCuid Foirgneamh agus Feithiclí	26
6.1 Ár gcuid Foirgneamh	26
6.2 Ár gcuid Feithiclí.....	27
6.3 Tacú leo siúd a úsáideann Rothair	28
7 Achoimre ar na Chéad Chéimeanna eile	28
Aguisín a hAon – Ceanglais Dlí agus Comhlíonadh	30

1. Teachtaireacht ón Stiúrtóir

Dia daoibh a chomhghleacaithe agus a pháirtithe leasmhara,

Tá áthas orm an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a chur i láthair. Tugtar cuntas sa Treochlár seo ar phleananna an Ghailearaí chun ár n-astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a laghdú 51% faoin mbliain 2030, chomh maith le coigilt 50% in éifeachtúlacht fuinimh a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus a bheith neodrach, ó thaobh astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, faoin mbliain 2050 nó níos luaithe.

Mar Fhoras Náisiúnta Cultúir, glacann muid ról ceannaireachta agus beidh muid mar eiseamláir sa réimse seo trínár ndiongbháilteacht i dtaca le gníomhú ar son na haeráide a thaispeáint, chomh maith leis an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag cleachtais inbhuanaithe ar an timpeallacht a léiriú. Mar eagraíocht de chuid na hearnála poiblí, táimid tiomanta i dtaobh tacú le hiarrachtaí an Rialtais chun a spriocanna maidir le hastaíochtaí a bhaint amach agus aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. De bharr gurb é an Gailearaí ceann de na háiteanna is mó díol spéise do chuariteoirí sa tír, táimid diongbháilte freisin i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh i measc ár bpáirtithe leasmhara agus úsáid a bhaint as fuinneamh ísealcharbóin agus in-athnuaite.

Tá ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe Aeráide (CAP21) agus le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide. Sa chlár seo, leagtar amach réimse gníomhaíochtaí a dhéanfaidh muid a thomhais, agus a mheas

agus a chuirfidh muid i bhfeidhm chun ár n-astáíochtaí a laghdú, nuair is féidir. Tá éifeachtúlacht fuinnimh lárnach inár gcuid gníomhaíochtaí agus cé go dtuigeann muid go bhfuil dúshlán ag baint le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an Ghailearaí, síleann muid go bhfuil sé riachtanach. Seo a leanas cuid de na bearta ar a bhfuil muid ag díriú: uasghrádú ar ár gcórais soilsithe, téite agus fuaraithe, córais bhainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm, chomh maith le cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn, gach uair is féidir linn.

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán ina bpríomh-chomhpháirtithe againn i dtaca le forbairt fhoirgnimh an Ghailearaí agus cur i gcrích na céime deiridh de Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí. Dá bhrí sin, tá na comhpháirtithe seo ríthábhachtach i ndáil le rathúlacht an Treochláir seo.

Is cáipéis bheo é an Treochlár seo. Déanfar uasdátú air ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2024 agus gach bliain ina dhiaidh sin.

An Dr Caroline Campbell
Stiúrthóir
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

2. Réamhrá

Chuir an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP21) dualgas ar gach comhlacht san earnáil phoiblí Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú faoi dheireadh 2022. Leagtar amach sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag gach comhlacht de chuid na hearnála poiblí ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide (an Sainordú) a chomhlíonadh 2022 agus an chaoi a mbainfidh siad amach a gcuid spriocanna maidir le carbón agus éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030.

Ina gcuid Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, ba cheart do chomhlachtaí poiblí díriú go príomha ar a gcuid pleananna chun astaíochtaí iomlána a bhaineann le fuinneamhchomh maith le hastaíochtaí a bhaineann le breosla iontaise óna gcuid oibríochtaí a laghdú i gcomhréir leis na spriocanna sa PGA (CAP) 21.

Seo é Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Treochlár). Díríonn sé ar ár gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa, a bhaineann le fuinneamh inár gcuid oibríochtaí, a laghdú ag teacht leis an sprioc de laghdú iomlán 51% ina leith seo faoin mbliain 2030. Tá an Treochlár seo ag teacht lenár bhfís maidir le gníomhú ar son na haeráide agus na spriocanna atá leagtha amach againn dúinn féin.

Tá an Treochlár faofa ag Stiúirthóir Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Déanfar é a athbhreithniú agus a uasdátú agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí é ar bhonn bliantúil. Le linn an

athbhreithnithe feidhmiúcháin bhliantúil, déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn maidir le gníomhú ar son na haeráide. Tuairisceofar an bhearna atá idir an méid atá bainte amach agus an sprioc atá againn sa réimse seo agus cuirfear san áireamh aon nuashonruithe ar an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, nó athruithe ar Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus aon athruithe ar an Treoir i leith na dTreochlár.

2.1 Réimsí fócais

Ár spriocanna

Tá sé mar aidhm ag an nGailearaí na spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, mar a leanas:

- Laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a bhaineann le fuinneamh, faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2016-2018)
- Coigiltí 50% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2009)
- sprioc - a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí, a bhaineann le fuinneamh, faoin mbliain 2050, ar a dhéanaí

Ár gcuid daoine

Tá Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta, chomh maith le hOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh ceaptha ag an nGailearaí agus bunaíodh Foireann Ghlas an Ghailearaí chomh maith. Tá siad dírithe ar fheabhsúcháin a dhéanamh i réimse na bainistíochta, teicneolaíochta agus iompraíochta, a chabhróidh leis an nGailearaí ár spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

Ár mbealaí oibre

Beidh rannpháirtíocht na foirne agus comhtháthú ár ngníomhaíochtaí maidir le pleanáil gnó, spriocanna agus cuspóirí i gceist i mbealaí oibre an Ghailearaí. Ina measc seo, cuirfear dea-chleachtais chun cinn in obair an Ghailearaí, sna hoifigí, sna hoifigí sa bhaile agus sa saol oibre ó lá go lá, agus cuirfear oiliúint ar fáil don fhoireann chun tacú leo sa réimse seo. Déanfaidh muid measúnú ar na feabhsúcháin a dhéantar de thoradh ar ár ngníomhartha agus cuirfidh muid tuairiscí ar fáil maidir lenár n-astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa agus ár n-ídiú fuinnimh, agus

cuirfear na sonraí seo isteach sa Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), de réir mar is gá.

Ár gcuid foirgneamh agus feithiclí

Is é an córas téite, aeraithe agus aerchóirithe (HVAC) is mó a chuireann le hastaíochtaí carbóin. Is coirí gáis nádúrtha agus ár nAonad Comhghiniúna Teasa agus Cumhachta a sholáthraíonn cumhacht do na córais sin. San fhadtárma, tá sé beartaithe againn aistriú go dtí foinse giniúna fuinnimh atá ag teacht leis an bplean náisiúnta dícharbónaithe. Chun é seo a bhaint amach, ullmhóidh muid plean buiséid caipitil agus tabharfaidh muid tacaíocht d'iarrachtaí dícharbónaithe i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. De réir mar a théann muid ar aghaidh, déanfaidh muid uasdátú ar na Deimhnithe Fuinnimh (DEC) atá ar taispeáint ar fud an Ghailearaí agus inár gcuid foirgneamh taca .

An Bhearna i gcomparáid le sprioc

Cuirtear na sonraí i ndáil le hídiú fuinnimh a bhailíonn an Gailearaí isteach i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus cuidíonn sé seo linn ina dhiaidh sin nuair a bhítear ag tuairisciú na bearna i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha amach. Úsáideann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) na sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe chun an bhearna dícharbónaithe i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha amach a léirshamhlú thar an tréimhse suas go dtí 2030. Cabhraíonn sé seo linn ár sprioc astaíochta Gáis Cheaptha Teasa (GHG) suas go dtí 2030 a aithint. Cuidíonn sé leis an nGailearaí freisin an tionchar a bhíonn ag ár

ngníomhartha a léirshamlú agus a thuairisciú, agus féachaint in athuair ar ár mbearna i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos le baint amach, agus chun measúnú a dhéanamh ar chonair astaíochtaí sa todhchaí.

3. Ár Spriocanna

Forálann an *tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021* agus ceanglais chomhlíontachta eile (Féach Aguisín a hAon) bonn dlíthiúil do ghníomhú ar son na haeráide san earnáil phoiblí. Leagann an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide amach spriocanna i ndáil le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh do chomhlachtaí poiblí:

- Laghdú 51% ar astaíochtaí GCT (GHG) faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2016-2018), spriocanna socraithe d'astaíochtaí teirmeacha agus iomlána araon.
- Coigiltí 50% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2009).
- Sprioc - neodrach ó thaobh astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, faoin mbliain 2050, ar a dhéanaí.

3.1 An sprioc chun laghdú astaíochtaí carbóin a bhaint amach (laghdú 51% faoin mbliain 2030)

Tá an sprioc maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa bunaithe ar astaíochtaí coibhéiseacha dé-ocsaíd charbóin a bhaineann le fuinneamh, agus tá leibhéal bhonnlíne bunaithe ar mheánastaíochtaí 2016-2018. Éilítear go ndéanfaí laghdú de 51% ar astaíochtaí fuinnimh i gcomhair teasa agus iompair, chomh maith le hastaíochtaí iomlána a bhaineann le fuinneamh (lena n-áirítear leictreachas). Tá ar chumas an Ghailearaí ár mbonnlíne a shocrú bunaithe ar thaifid Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don tréimhse seo.

Tá an bailiúchán mínealaíne is mó sa stát sa Ghailearaí. Mar chaomhnóirí, tá dualgas orainn a chinntiú go gcomhlíontar na

coinníollacha timpeallachta maidir le taispeáint agus stóráil an Bhailiúcháin. Tá sé riachtanach go gcoimeádtar an Bailiúchán, i dtimpeallacht ina mbíonn soilsiú cuí chun saothair a chur ar taispeáint ar an mbealach is fearr, le raon teochta idir 19 agus 22 céim Celsius agus bogthaise choibhneasta (RH) sa raon cuí, 55% (+/-) 5 %). a rialú laistigh.

I 2021, bunaíodh Grúpa Ildisciplíneach Aeráide an Ghailearaí (an Grúpa), chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht ó thaobh na timpeallachta iarsmalainne. Bhí foireann an Ghailearaí ón Rannóg Caomhnaithe, Rannóg um Bainistiú Saoráidí agus Innealtóirí ó Oifig na nOibreacha Poiblí páirteach sa Ghrúpa seo. Bhí sé mar aidhm ag an nGrúpa bealaí a aimsiú chun ídiú fuinnimh a laghdú agus teorainneacha sábháilte agus inbhuanaithe a iniúchadh chun an Bailiúchán a chaomhnú. Chreid an Grúpa go bhféadfaí timpeallacht níos inbhuanaithe a bhaint amach dá ndéanfaí na córais soilsithe agus téite a reáchtáil agus a rialú go héifeachtach agus infheistíocht bhreise a dhéanamh sna réimsí seo.

Tá comhoibriú agus plé ildisciplíneach le páirtithe leasmhara chomh maith le malartú eolais le músaem agus institiúidí idirnáisiúnta ríthábhachtach chun tuiscint agus tacaíocht a fháil chun cur le hinbhuanaitheacht sa Ghailearaí. Tógann an cineál taighde agus comhoibrithe seo infheistíocht ama agus iarrachta chun teacht ar chomhaontú agus chun réitigh theicniúla a chur i bhfeidhm.

Déanfar na gnéithe ar fad atá luaite thuas a mheas agus a chur san áireamh i bpróiseas pleanála an Ghailearaí chun ár sprioc maidir le laghdú astaíochtaí carbóin a bhaint amach.

3.2 An Sprioc um Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach (coigilt 50% faoin mbliain 2030)

I 2009, socraíodh spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh don Ghailearaí. Maidir leis an mbonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh, thaifead Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann bonnlíne EnPI de 361 KWh/m² (2009). Faoi dheireadh 2021, bhí coigilt 46.7% bainte amach ag an nGailearaí in éifeachtúlacht fuinnimh ó 2009, ag léiriú laghdú ar úsáid tosaigh go bonnlíne nua EnPI de 193 KWh/m². Tá sé mar aidhm ag an nGailearaí an sprioc 50% EnPI de 181 KWh/m² a bhaint amach tamall maith roimh an spriocdháta, 2030.

Déanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhar leis an nGailearaí scrúdú ar aon deiseanna a eascraíonn as an iniúchadh fuinnimh agus foirgnimh atá beartaithe agus cuirfear feabhas ar ár Rátáil Fuinnimh Foirgnimh, E2, atá againn faoi láthair. Oibreoidh an Gailearaí i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun bearta tionscadal a ullmhú don tréimhse suas go dtí an bhliain 2030, ina leagfar amach gníomhartha sonracha, amlínthe, riachtanais airgeadais agus freagrachtaí. I gcomhar le chéile, shocraíomar tabhairt faoi na bearta seo a leanas chun cuidiú lenár spriocanna a bhaint amach:

- Cláir athsholáthair soilse LED
- Comhlaí teirmeastatacha radaitheora, ar féidir a fheistiú ar radaitheoirí
- Téitheoirí níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in ionad taiscthéitheoirí leictreacha le rialtáin níos fearr.

- Scrúdú a dhéanamh ar cibé an gcuideodh insliú duchtanna agus píopaí, uasghrádú coirí agus rialtáin le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Athbhreithniú ar an Máistirphlean Forbartha maidir le teicneolaíochtaí meicniúla agus leictreacha inbhuanaithe agus úsáid a bhaint astu seo
- Taighde a dhéanamh ar Theicneolaíochtaí Monatóireachta agus Rialaithe Fuinnimh
- Rannpháirtíocht foirne trí chlár ‘Reduce Your Use’ agus ‘Optimise Power Work’

Leanfaidh an Gailearaí ar aghaidh ag cur lenár n-anailís ar ídiú fuinnimh le cuidiú na huirlise, an Bhearna go dtí an Sprioc de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cuideoidh sé seo linn gníomhaíochtaí nó láithreacha ina n-úsáidtear a lán fuinnimh a aithint chomh maith le haon riachtanais a gcaithfear dul i ngleic leo. Sa chás go bhfuil ‘bearna’ ann, aimseoidh muid roghanna níos fearr ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de trí thionscadail ar leith a chur chun cinn i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí.


3.3 An dul chun cinn atá déanta go dtí seo

Tá sonraí 2022 a eisíodh le déanaí san áireamh i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí (M&T) de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Dá bharr seo beifear ábalta léirshamhlú a dhéanamh ar laghduithe carbóin agus fuinnimh an Ghailearaí i ndáil le spriocanna atá leagtha amach faoin mbliain 2030.

3.4 Éifeachtúlacht Fuinnimh


Tar éis an-chuid athchóirithe a bheith curtha i gcrích ar Sciatháin Dargan agus Bhaile an Mhuilinn i 2017, tháinig dúbailt, nach mór, ar Lorg Meicniúil agus Leictreach an Ghailearaí. Tugadh isteach Aonad Comhghiniúna Cumhachta agus Teasa (CHP) in Ionad Fuinnimh nua le linn an athchóirithe seo agus chuidigh sé sin leis an nGailearaí laghdú 46.7% a bhaint amach in úsáid fuinnimh go bonnlíne EnPI de 193 KWh/m² ó 2009. Tá súil ag an nGailearaí an sprioc 50% a bhaint amach, sé sin, EnPI de 181 KWh/m² faoi dheireadh 2023, i bhfad roimh an spriocdháta, 2030.

Fíor a hAon: Iomlán Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa & Spriocanna



3.5 An Bhearna um Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú
 Tuigeann an Gailearaí go bhfuil gá le gníomhú suntasach roimh 2030 chun laghdú 51% in astaíochtaí GCT, a bhaineann le fuinneamh, a bhaint amach faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2016-2018). I 2024, le cúnamh ó shainchomhairleoir, déanfaidh muid gníomhartha a mheas atá riachtanach chun ár spriocanna astaíochtaí GCT a bhaint amach. Sa mheasúnú seo, cuirfear san áireamh na riachtanais bhreise maidir le daoine agus acmhainní airgeadais, ullmhacht ár dtionscadal agus na hamlínte ábhartha chun na spriocanna a bhaint amach.

Fíor a Dó : Sprioc – Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Iomlán



4. Ár gcuid Daoine

4.1 Ceannaireacht agus Rialachas do Ghníomhú ar son na hAeráide
Tuairiscíonn Foireann Ghlas an Ghailearaí chuig Stiúrthóir an Ghailearaí a fhaigheann tacaíocht ón bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT). Tuairiscíonn an Stiúrthóir do Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta

D'ainmnigh an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin **Andrew Hetherington, Ceannasaí um Fhorbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara chun feidhmiú mar Sheaimpín Eatramhach Aeráide agus Inbhuanaitheachta (C&SC)**. Nuair a cheapfar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha buan, glacfaidh sé/sí an ról seo. Tá an Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta freagrach as an Sainordú a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ina leith sin agus beidh an té atá sa ról seo ina bhall d'Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT) an Ghailearaí.

Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh

D'ainmnigh an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin **Christiaan Clotworthy, Ceannasaí na nOibríochtaí chun gníomhú mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (OFF)**. Tá cumhachtaí cinnteoireachta ag an OFF maidir le bainistiú saoráidí, buiséid chorparáideacha agus soláthar, chomh maith le freagracht as tuairisciú corparáideach agus airgeadais. Seo a leanas mar a oibreoidh sé:

- Stiúrfaidh sé forbairt ár bPlean Bainistíochta Fuinnimh mar chuid lárnach dár bpróiseas Pleanála Gnó agus Bainistíochta Feidhmíochta.

- Déanfaidh sé cinnte go gcuirfear na gníomhartha agus na tionscadail a comhaontaíodh faoinár bPlean Bainistíochta Fuinnimh i bhfeidhm.
- Beidh ar an OFF freagracht shoiléir a shannadh chun ár bPlean Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil an oiliúint agus an tacaíocht riachtanach ag an bhfoireann chun na tascanna seo a chur i gcrích.
- Cinnteoidh sé go socrófar ár spriocanna bliantúla maidir le coigilt fuinnimh.
- Cinnteoidh sé go seolfar ár dtuairiscí bliantúla sonraí ar chaighdeán cuí agus in am chuig rannán Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Déanfaidh sé tascanna a tharmligean mar chuid de shocrú spriocanna bliantúla faoi Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Cinnteoidh sé go gcuirtear sonraí an Ghailearaí isteach i gCóras Feidhmíochta Monatóireachta & Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Cinnteoidh sé go gcuirfear ár dtuarascáil don Mheamram Bliantúil don Rialtas maidir le feidhmiú na Straitéise seo ar fáil in am.

Foireann Ghlas an Ghailearaí

Bunaíodh *Foireann Ghlas an Ghailearaí*, a thuairiscíonn don Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin. Oibreoidh Foireann Glas an Ghailearaí mar spreagthóirí comhtháite inbhuanaitheachta sa Ghailearaí. Tá na *Téarmaí Tagartha* do choiste Fhoireann Ghlas an Ghailearaí faofa ag *Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin* Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (ELT) agus ag an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí; tá an

pearsanra ceaptha acu chomh maith chun tús a chur le hobair na Foirne seo.

Seo roinnt de na freagrachtaí a leagtar ar Fhoireann Ghlas an Ghailearaí:

- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an Ghailearaí a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh air go bliantúil
- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an Ghailearaí a chur faoi bhráid an Stiúrthóra agus an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí lena cheadú.
- Beartas Inbhuanaitheachta a fhorbairt agus é a chur faoi bhráid an Stiúrthóra agus an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí lena cheadú.
- Sruthanna oibre teicniúla Fhoireann Ghlas an Ghailearaí a leagan amach, ina measc, ceardlanna/imeachtaí bliantúla.
- Díriú ar dhícharbónú fuinnimh agus cuntas a thabhairt ar na céimeanna is gá chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach, nó a shárú.
- Tionscadail straitéiseacha, ‘an bearna go dtí an sprioc’ a aithint chun lorg carbóin a laghdú
- Beartas Reduce Your Use (RYU) an Ghailearaí a chur i bhfeidhm


Baill den Fhoireann Ghlas :

Ball den Fhoireann Ghlas	Ról agus Freagracht	Ríomhphost
Andrew Hetherington	Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta (C&SC). Tuairiscíonn ball den Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin	ahetherington@ngi.ie

	(ELT) go díreach chuig an Stiúrthóir.	
Christiaan Clotworthy Ceannasaí Oibríochtaí	Tá ról an Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh (EPO) aige. Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú straitéiseach an phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le hoibreacha caipitil sa todhchaí	cclotworthy@ngi.ie
Ciaran Troy – Bainisteoir Saoráidí	Bainistíonn sé Saoráidí agus Fuinneamh trí choigilt a lorg i ndáil le hoibríochtaí, uasghráduithe ar ghléasra agus seirbhísí reatha don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.	ctroy@ngi.ie
Bernadette Kenny Comhpháirtí Gnó Airgeadais	Buiséadú & soláthar don phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide	bkenny@ngi.ie
Muirne Lydon Caomhnóir	Caomhnú comhshaoil don Bhailiúchán	mlydon@ngi.ie
Rúnaí - An Fhoireann Ghlas – Ar bhonn sealáíochta	Rúnaí Fhoireann Ghlas GNÉ. Miontuairiscí cruinnithe a thaifeadadh. Eolas nuashonraithe ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar Choigilt Fuinnimh, lena n-áirítear an feachtas ‘Reduce your Use’ a scaipeadh ar an bhfoireann chun rannpháirtíocht úsáideoirí na foirne a spreagadh. Monatóireacht agus freagra a thabhairt ar ríomhphoist chuig Foireann Ghlas an Ghailearaí ag; greenteam@ngi.ie	NGIDirectorsOffice@ngi.ie

Féach, le do thoil ar *Théarmaí Tagartha Fhoireann Ghlas Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 2022* chun tuilleadh eolais a fháil faoin bhFoireann Ghlas.

Fíor a Trí: Struchtúr Rialachais



4.2 Rannpháirtíocht agus Oiliúint Foirne

Cuirfidh Foireann Ghlas an Ghailearaí (agus baill foirne ainmnithe eile) ceardlann/imeacht rannpháirtíochta foirne amháin ar a laghad i láthair (ag tosú i rith gheimhreadh 2023). Ar dtús, díreofar ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus le himeacht ama díreofar ar shaincheisteanna aeráide i gcoitinne agus ar laghdú a dhéanamh ar lorg carbóin an Ghailearaí.

Déanfaidh Foireann Ghlas an Ghailearaí taighde maidir leis an oiliúint atá ag teastáil agus i 2023, cuirfear an oiliúint chuí ar fáil, ionas go mbeidh níos mó eolais ag an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus ag baill foirne i réimsí ábhartha eile i dtaobh ghníomhú ar son na haeráide. Cuirfear oiliúint chuí ar fáil don fhoireann ar fad go luath i 2024. Cuirfidh an Fhoireann Ghlas comhairle ar fáil chomh maith do rannóg Acmhainní Daonna an Ghailearaí maidir le hoiliúint chuí i dtaobh ghníomhú ar son na haeráide. Beidh an oiliúint seo mar chuid d'oiliúint agus forbairt leanúnach na foirne. D'fhéadfadh sé go gcaithfí anailís ar riachtanais oiliúna a dhéanamh i 2023 i dtaca leis an méid atá luaite thuas agus go gcaithfí plan gníomhaíochta a leagan amach chun an oiliúint mar atá luaite thuas a chur ar fáil ó 2024 ar aghaidh.

I rith Ráithe 4, 2023, táthar ag meas cé mhéad duine a bhain úsáid as na scéimeanna 'TaxSaver' agus 'Bike to Work' go dtí seo. Tá an Gailearaí meáite ar bhealaí a aimsiú chun cur leis an méid daoine a bhaineann úsáid as na scéimeanna seo.

Déanfaidh Foireann Ghlas an Ghailearaí taighde agus sainaitheoidh siad freisin an cineál oiliúna a bheadh cuí maidir lenár ngníomhaíochtaí um ghníomhú ar son na haeráide, agus a bhaineann le réimsí áirithe sa Ghailearaí. D'fhéadfadh sé go mbeadh oiliúint ar leith ag teastáil i réimsí mar:

- Soláthar Glas
- Bainistíocht Saoraidí
- Bearta Bainistíochta Fuinnimh agus Caomhnaithe Fuinnimh
- Straitéisí atá oiriúnach dár gcuid foirgneamh, dár mbailiúcháin agus dár ngníomhaíochtaí.

Déanfaidh Foireann Ghlas an Ghailearaí modúil oiliúna a bheadh ábhartha d'fhoireann an Ghailearaí a mheas agus a mholadh.

D'fhéadfadh na modúil seo a bheith ag teastáil:

- Laghdú Fuinnimh – Tionscnaimh agus An méid atá Bainte Amach
- Monatóireacht agus Tuairisciú Feidhmíochta Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Nuashonruithe ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide – Treoir Nuashonraithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Anailís maidir leis an mBearna-go-dtí an Sprioc a Thuiscint – Na nithe nach mór duit a bheith ar eolas agat
- Taisteal agus Iompar – Ár Lorg Carbóin Aonair

Cuirfear an fhoireann ar an eolas freisin maidir le faisnéis, oiliúint agus tacaíochtaí eile ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann atá ar fáil go héasca. Ina measc seo, tá:

- Acadamh Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Reduce Your Use san Earnáil Phoiblí – Clár Feasachta Fuinnimh

- Luasaire um Rannpháirtíocht Daoine
- Buneolas maidir le Fuinneamh agus Carbón
- Clár Comhpháirtíochta na hEarnála Poiblí

Nuair is gá, cuirfidh Foireann Ghlas an Ghailearaí faisnéis maidir le hanailís a dhéanfar i dtaca le riachtanais oiliúna faoi bhráid na bpáirtithe leasmhara cuí. Déanfaidh an fhoireann measúnú agus cuirfidh siad aiseolas i láthair maidir le haon ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta foirne agus oiliúint ar tugadh fúthu. Cuirfidh an Gailearaí am agus maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus oiliúna oiriúnacha chun tacú le Foireann Ghlas an Ghailearaí agus lenár bhfoireann.

5. Ár mBealaí Oibre

I 2023, cuirfidh an Gailearaí na nithe seo a leanas ar fáil inár dTuarascáil Bhliantúil:

- Tuairisc maidir leis an tionchar a bhí againn agus an dul chun cinn a rinne muid maidir le hastaíochtaí GCT
- Tuairisc maidir leis an Sainordú a chur i bhfeidhm
- Tuairisc ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe
- Ráiteas ar chomhlíontacht an Gailearaí maidir le ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun cúiteamh a dhéanamh i leith na n-astaíochtaí a bhain le haerthaisteal oifigiúil
- Tuairisc maidir le gníomhaíochtaí Soláthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm
- Tuairisc a thabhairt maidir leis an méid páipéar a úsáideann muid agus ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh próisis dhigiteacha

Chomh maith leis sin

- Cuirfear tús le hullmhú plean gníomhaíochta dramhaíola a mhéadóidh athchúrsáil agus a laghdóidh giniúint dramhaíola sa Ghailearaí.
- Ní chuirfear cupáin, plátaí agus sceanra aon úsáide ar fáil i gceaintíní ár bhfoirgnimh riaracháin

5.1 Úsáid páipéir a laghdú agus aistriú go próisis dhigiteacha

Déanfaidh muid athbhreithniú ar úsáid páipéir an Ghailearaí, cinnteoidh muid gur páipéar athchúrsáilte an rogha a bheidh réamhshocraithe agus gurb é an cur chuige a bheidh againn ná aistriú chuig próisis dhigiteacha.

5.2 Córais um Bainistiú Fuinnimh agus Comhshaoil & Creidiúnú
Scrúdóidh Foireann Ghlas an Ghailearaí i dteannta Oifig na nOibreacha Poiblí an cineál córais bhainistíochta fuinnimh is oiriúnaí le cur i bhfeidhm sa Ghailearaí. Chun é sin a chinntiú:

- Déanfar measúnú ar an úsáid fuinnimh bhliantúil i gcomparáid le spriocanna.
- Socrófar spriocdháta chun an clár um bainistiú fuinnimh atá oiriúnach don Ghailearaí a chur i gcrích
- Aithneofar cibé an mbeidh creidiúnú foirmiúil do ISO50001 ag teastáil i gcomhair an chláir um bainistiú fuinnimh

5.3 Soláthar Poiblí Glas

Is próiseas é an Soláthar Poiblí Glas (SPG) ina ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí nó oibreacha a fhoinsiú nach mbíonn tionchar chomh díobhálach acu ar an gcomhshaoil. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) treoir SPG agus leagtar amach deich sraith critéar anseo a thacaíonn le cleachtais inbhuanaithe agus glasa maidir le nósanna imeachta soláthair san earnáil phoiblí.

Is iad na deich sraith critéar a foilsíodh; Feithiclí & Seirbhísí Iompair Bóthair; Táirgí & Seirbhísí TFC; Seirbhísí Bia & Lónadóireachta; Seirbhísí Glantacháin Laistigh; Dearadh, Tógáil & Bainistíocht Foirgnimh Oifige; Soilsiú Laistigh & Lasmuigh; Trealamh Téite; Táirgí a bhaineann le fuinneamh agus Táirgí Páipéir & Seirbhísí Priontála.

Tabharfaidh an Fhoireann Ghlas córas SPG isteach i 2024 chun tacú lenár n-uaimhianta um ghníomhú ar son na haeráide. Ina measc, déanfar na nithe seo a leanas:

- Critéir ghlasa a chur san áireamh sna critéir roghnúcháin agus bronnta nuair a bhítear ag soláthar gach earra agus seirbhís (tagairt i gCiorclán 20/2019), ag baint úsáide as critéir agus treoracha SPG mar atá foilsithe.
- Córas a bhunú chun sonraí a bhailiú agus a thaifeadadh maidir le feidhmiú SPG sa Ghailearaí, ag baint úsáide as treoir tuairiscithe agus teimpléid atá curtha ar fáil do Ranna Rialtais.

6 Ár gCuid Foirgneamh agus Feithiclí

Oibríonn an Gailearaí i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le feidhmiú agus forbairt ár gcuid foirgneamh. Mar aon leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, tá siad mar phríomh-chomhpháirtithe againn i bhfeidhmiú ár gcuid foirgneamh i láthair na huaire agus sa todhchaí. Chomh maith leis sin, feidhmíonn siad seo mar phríomh-chomhpháirtithe an Ghailearaí chun ár Máistirphlean Forbartha a chur i gcrích, ar a bhfuil na spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide ag brath, agus chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid foirgneamh ag cloí le gach ceanglas dlí agus comhlíontachta.

6.1 Ár gcuid Foirgneamh

Lorgóidh Foireann Ghlas an Ghailearaí Deimhniú Fuinnimh (DEC) cothrom le dáta ó Oifig na nOibreacha Poiblí do gach Foirgneamh de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann atá oscailte don phobal. Tá muid ag súil go mbeidh deimhnithe athnuaite againn faoi Ráithe 4, 2023. Cinnteoidh an Gailearaí go gcomhlíonann aon fhoirgnimh atá ar léas ár gceanglais dlí agus comhlíontachta.

Rachaidh an Gailearaí i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú nach gcuirfear aon chórais téite a úsáideann breoslaí iontaise in

aon fhoirgneamh dá gcuid i ndiaidh na bliana 2023, ach amháin sa chás go mbíonn ar a laghad ceann amháin de na heisceachtaí seo a leanas i gceist

- Níl ach leictreachas ón eangach á úsáid ag breosla iontaise
- Níl aon rogha malartach neamh-iontaise ann atá inmharthana go teicniúil (de ghnáth baineann sé le feidhmeanna chun críche cuspóra eile seachas téamh spáis)
- Mhéadódh suiteáil córais fuinnimh in-athnuaite chun spás a théamh astaíochtaí CO₂
- Soláthraítear úsáid an bhreosla iontaise mar chúltaca, nó i gcás bhuaiceanna éilimh nó do chuspóirí oibríochtúla (agus gurb ionann é agus níos lú ná 10% den fhuinneamh téite bhliantúil).
- Sa chás go bhfuil gá le hathsholáthar díreach ar chóras téite breosla iontaise do chuspóir cothabhála éigeandála

Rachaidh an Gailearaí i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na riachtanais seo nuair a bhítear ag soláthar oibreacha córais téite nua. Rachaidh muid i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí freisin chun riachtanais iarfheistithe ár gcuid foirgneamh a aithint.

6.2 Ár gcuid Feithiclí

Ó 2023 ar aghaidh, ní cheannóidh nó ní bhfaighidh an Gailearaí ar léas ach amháin feithiclí atá saor ó astaíochtaí, má bhíonn siad ar fáil agus ag teastáil. Tugtar faoi deara go bhfuil veain amháin ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ach nach bhfuil aon cheannachán eile beartaithe i 2023.

6.3 Tacú leo siúd a úsáideann Rothair

Leanfaidh an Gailearaí ar aghaidh ag cur saoráidí ar fáil a thacaíonn le fostaithe agus cuairteoirí a úsáideann rothair. Tá seastáin rothair faoi chlúdach ar fáil faoi láthair do chuairoteoirí agus don fhoireann ag an mbealach isteach ag Cearnóg Mhuirfean. I R4 2023, díreoidh muid ar úsáid rothar agus ar sheirbhísí soghluaisteachta comhroinnte a chur chun cinn i measc ár bhfostaithe agus ár gcuairoteoirí.

7 Achoimre ar na Chéad Chéimeanna eile

1. Céim na Pleanála (Bliain 1)

- Saineolas maidir le hinbhuanaitheacht a lorg ó shainchomhairleoirí sa réimse seo
- Iniúchadh tosaigh maidir le fuinneamh a dhéanamh ar gach foirgneamh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí
- Straitéis dícharbónaithe a fhorbairt maidir lenár gcuid foirgneamh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí
- Spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí i ngach foirgneamh a shainmhíniú
- Coigeartuithe foirgnimh a aithint i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí
- Plean buiséid caipitil a ullmhú agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí dícharbónaithe i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

2. Monatóireacht agus tuairisciú (Bliain 1-8)

- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí chun an dul chun cinn i dtreo spriocanna a rianú
- Tionchar ár gcuid gníomhaíochtaí a thuairisciú do pháirtithe leasmhara inár dtuarascáil bhliantúil chun cabhrú le móiminteam a choinneáil agus tacaíocht a chothú dár n-iarrachtaí um ghníomhú ar son na haeráide
- An plean um bainistiú fuinnimh a mheas agus a choigeartú, de réir mar is gá bunaithe ar thorthaí monatóireachta agus tuairiscithe

3. Oideachas agus Oiliúint (Bliain 1-8)

- Ceardlanna foirne, imeachtaí agus feachtais feasachta a reáchtáil chun athruithe in iompraíocht a spreagadh
- Cláir oiliúna a fhorbairt agus a sheachadadh chun oiliúint a chur ar fáil don fhoireann agus d'áititheoirí na bhfoirgneamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí
- Rannpháirtíocht foirne a spreagadh i dtaca le tionscnaimh um chaomhnú fuinnimh agus laghdú astaíochtaí.

4. Feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh (Bliain 2-4)

- Na feabhsúcháin féideartha i leith Reduce Your Use a aithint
- Nuair is gá, comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun ár gcórais um rialú soilsithe a uasghrádú
- Comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun feabhsuithe HVAC agus rialú oibriúcháin a fhorbairt chun éifeachtúlacht a mhéadú

- Comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun coigeartuithe foirgnimh atá ag teacht le Máistirphlean Forbartha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a chur san áireamh agus chun ár spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.
- Measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus feidhmiú smaointe eile chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Máistirphlean Forbartha maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

5. Suiteálacha fuinnimh in-athnuaite (Bliain 3-4)

- Staidéir féidearthachta a dhéanamh maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite malartacha (teaschaidéil, grianfhuinneamh, bithbhreosla, bithmhais)
- Más féidir/nuair is féidir, oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun aistriú go cineál nua giniúna cumhachta.

Aguisín a hAon – Ceanglais Dlí agus Comhlíonadh

Ní mór don Ghailearaí a bheith ar an eolas maidir lenár gceanglais dhlíthiúla i ndáil le fuinneamh agus gníomhú ar son na haeráide agus aitheantas agus glacadh leo sin inár dtreochlár.

Tá na ceanglais seo a leanas san áireamh:

- **An tAcht um Gníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021**, a éilíonn ar gach comhlacht poiblí a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá

comhsheasmhach le huailmhian na hÉireann maidir leis an aeráid..

- **SI393/2021 Feidhmíocht Fuinnimh** foirgneamh, a éilíonn suiteáil um Uathoibriú agus Rialú Foirgnimh faoin mbliain 2025 i gcomhair foirgneamh a bhfuil aschur rátáilte HVAC os cionn 290kW acu; éilítear go mbeadh luchtphointí d’fheithiclí leictreacha i gcarrchlóis gach foirgneamh nua nó foirgneamh athchóirithe a bhfuil níos mó ná 10 spás páirceála leo.
- **SI381/2021 Treoir um Fheithiclí Glana**, a leagann síos spriocanna maidir le soláthar feithiclí glana éadroma agus tromshaothair, agus tá an chéad sprioc leagtha síos don bhliain 2025 agus an dara ceann i 2030. Tiocfaidh athrú ar an sainmhíniú maidir le feithiclí glana i 2025 agus is éard a bheidh i gceist ansin le feithiclí glana ná iad siúd atá saor ó astaíochtaí.
- **SI4/2017 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh**, a éilíonn go mbeidh gach foirgneamh nua san earnáil phoiblí a tógadh ó 2018 i leith “beagnach neodrach ó thaobh astaíochtaí de”.
- **IR646/2016**, a éilíonn nach bhfaighidh comhlachtaí poiblí ach amháin táirgí agus feithiclí a úsáideann fuinneamh atá san áireamh ar an gclár Triple E.
- **SI426/2014**, a éilíonn ar an earnáil phoiblí bainistiú fuinnimh den scoth a léiriú agus a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí iniúchóireacht fuinnimh a dhéanamh gach ceithre bliana.